



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Márta 2017  
(OR. en)

7696/17

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2016/0357 (COD)**

---

---

**FRONT 146  
FAUXDOC 17**

### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

---

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 27 Márta 2017

chuig: na toscaireachtaí

---

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle i ndáil le plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le neart a chur leis an bhfreagairt Eorpach ar chalaíoch doiciméad taistil

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle i ndáil le plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le neart a chur leis an bhfreagairt Eorpach ar chalaíoch doiciméad taistil, a ghlac an Chomhairle ag an 3528ú cruinniú a bhí aici ar an 27 Márta 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**I nDÁIL LE PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AN CHOIMISIÚIN**

**MAIDIR LE NEART A CHUR LEIS AN bhFREAGAIRT EORPACH AR CHALAOIS**

**DOICIMÉAD TAISTIL**

DEARBHAONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG FÉACHAINT do na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le "Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil"<sup>1</sup>, "Feabhas a chur ar an tslándáil i ndomhan ina bhfuil an tsoghluaiseacht i réim: malartú faisnéise feabhsaithe sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus teorainneacha seachtracha níos láidre"<sup>2</sup>, agus "Plean Gníomhaíochta maidir le neart a chur leis an bhfreagairt Eorpach ar chalaos doiciméad taistil"<sup>3</sup>,

1. AITHNÍONN SÍ a rithábhachtachaí atá doiciméid shlána taistil agus aitheantais chun dul i ngleic le feiniméan na calaoise i ndáil le doiciméid taistil;
2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhfachtóir é slándáil doiciméad pórúcháin, slándáil doiciméad aitheantais agus slándáil doiciméad taistil chun feabhas a chur ar an tslándáil inmheánach, chun comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe, agus chun feabhas a chur ar bhainistiú teorann; agus MEABHRAÍONN SÍ an gá atá ann dlús a chur le cur chun feidhme mhalartú na ndeimhnithe le haghaidh seiceáil méarlorg trí Phointí Teagmhála Aonair (PTA) agus seiceáil bharántúlacht shonraí na slise trí úsáid a bhaint as Máistirliostaí;
3. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an obair atá déanta ag an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 6 den Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 maidir le formáid chomhionann do víosaí agus gurb é sin an bealach is fearr chun caighdeáin de chineál teicniúil a phlé;
4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá caighdeáin slándála le haghaidh doiciméid ábhartha cónaithe, aitheantais agus taistil; agus MOLANN SÍ gur cheart do dhoiciméid phórúcháin caighdeáin shlándála íosta a bheith acu chun falsú na ndoiciméad sin a chosc nuair a bhaintear úsáid astu mar fhianaise aitheantais;

---

<sup>1</sup> COM(2016) 205 final.

<sup>2</sup> 12307/16.

<sup>3</sup> 15502/16.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an malartú leanúnach dea-chleachtais, lena n-áirítear trí cheardlanna agus cruinnithe saineolaithe á n-óstáil ag an gCoimisiún Eorpach, ag Frontex nó ag eu-LISA, maidir le clárú slán bithmhéadrachta (méarloing nó íomhanna den aghaidh) agus slándáil na bpróiseas eisiúna do dhoiciméid phórúcháin, aitheantais agus taistil;
6. MEABHRAÍONN SÍ an obair atá déanta ag eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i dtaobh cheist na fianaise ar aitheantas agus obair a d'fhágfadh doiciméid phórúcháin níos sláine;
7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil thart ar 3,000 sampla d'fhiordhoiciméad agus sampla de dhoiciméid bhréagacha anaithnid ina ndéantar cur síos ar na teicnící brionnaithe a úsáidtear, mar aon le thart ar 2,000 foláireamh ar dhoiciméid bhréagacha náisiúnta i FADO (Doiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla Ar Líne);
8. AITHNÍONN SÍ i gcás FADO, a cuireadh ar an bhfód le Gníomhaíocht Chomhpháirteach ón gComhairle an 3 Nollaig 1998<sup>4</sup>, go bhfuil a bhainistiú pas beag as dáta agus bheadh bainistiú láraithe ar leibhéal an Choimisiúin níos iomchuí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí a cuireadh chun cinn sa chomhthéacs seo ag Frontex agus eu-LISA ag an gCoiste Straitéiseach um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann (SCIFA) i Málta ar an 16 Feabhra 2017 maidir leis an mbainistiú a dhéanfar ar FADO amach anseo;
9. MEASANN SÍ nach bhfuil FADO, a bhfuil ról lárnach aige chun calaois doiciméad agus calaois aitheantais ghaolmhar a bhrath, go hiomlán oiriúnach don fheidhm a thuilleadh; agus MEASANN SÍ freisin go bhféadfaí sineirgí a shaothrú i ndáil leis sin trí úsáid a bhaint as táithí Grúpa Úsáideoirí FADO, as an saineolas atá ag Frontex i réimse chalaois doiciméad agus as an obair atá déanta ag an ngníomhaireacht seo cheana féin sa réimse seo, agus as inniúlacht óstála eu-LISA ar chórais TF a bhaineann leis an tslándáil;
10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le hollchóiriú FADO trí athrú a dhéanamh ar a bhunús dlí d'fhonn leanúint le ceanglais na mbeartas i leith Ceartais agus Gnóthaí Baile a chomhlíonadh agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo sa réimse seo, mar a léirigh Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh<sup>5</sup>, agus ag an am céanna leanúnachas an chórais a áirithiú;

---

<sup>4</sup> Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB ón gComhairle.

<sup>5</sup> 14260/16: "Cur chun feidhme an chláir oibre frithsceimhlitheoireachta atá leagtha amach ag an gComhairle Eorpach".

11. MEASANN SÍ go mbeadh an-tairbhe ann do na Ballstáit dá ndéanfaí faisnéis a uaslódáil ar bhonn éigeantach i FADO; dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach na gníomhaíochtaí is gá a ghlacadh, lena n-áirítear togra reachtach lena mbunaítear FADO ar bhonn níos téagartha, agus ag an am céanna a leanúnachas agus a fhorbairt a áirithiú;
12. MEASANN SÍ go háirithe i bhfianaise na ndúshlán ar thug an tAontas Eorpach aghaidh orthu le déanaí maidir le himirce neamhdhleathach agus slándáil, gur tosaíocht é feabhas a chur ar úsáid FADO;
13. SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí chun úsáid a bhaint as an gcomhar atá ann faoi láthair le tríú tíortha, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Creat Comhpháirtíochta maidir leis an Imirce, Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach Vaileite agus leis an idirphlé maidir le víosaí, chun feabhas a chur ar shlándáil doiciméad pórúcháin, aitheantais agus taistil ar leibhéal idirnáisiúnta mar ábhar tosaíochta; CUIREANN SÍ I dTREIS gur deis mhaith é an comhar sin chun feabhas a chur ar shlándáil doiciméad agus cláir daonra a fhorbairt tuilleadh i dtríú tíortha tosaíochta; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an comhar déthaobhach idir na Ballstáit agus tríú tíortha i dtaca leis sin;
14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar eintitis ullmhúcháin na Comhairle obair leantach iomchuí a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta chun neart a chur leis an bhfreagairt Eorpach ar chalaois doiciméad taistil.

---